C/2024/6865

28.11.2024

**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

**Pacáiste nascachta maidir le líonraí digiteacha agus bonneagar digiteach**

**(tuairim féintionscnaimh)**

(C/2024/6865)

Rapóirtéir: **Isabel CAÑO AGUILAR**

Comhrapóirtéir: **Maurizio MENSI**

| | |
|---|---|
| Comhairleoirí | Sergio SANTILLÁN (thar ceann an rapóirtéara)<br>Federico MARINI BALESTRA (thar ceann an chomhrapóirtéara) |
| Cinneadh ón Tionól Iomlánach | 15.2.2024 |
| Bunús dlí | Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta |
| An rannóg atá freagrach | Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise |
| Dáta a glactha sa rannóg | 18.7.2024 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 18.9.2024 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 590 |
| Toradh na vótála<br>(ar son/in aghaidh/staonadh) | 169/0/0 |

## 1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá an geilleagar digiteach do gheilleagar an Aontais agus ar na tairbhí a bhaineann leis an idirnascacht do thithe, don iompar poiblí, don tsláinte agus don chaidreamh idir daoine.

1.2. Rinne an tAontas rialacháin nua maidir leis an ngeilleagar digiteach a ghlacadh agus rinne sé an beartas tionsclaíoch aige a chur in oiriúint chomh maith. Mar sin féin, tá gá le cinntí nua chun earnáil a chur chun cinn a bheidh ríthábhachtach don dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch. Ba cheart go mbainfí an sprioc sin amach leis an bPáipéar Bán maidir le máistreacht a fháil ar riachtanais na hEorpa maidir le bonneagar digiteach. Sa chomhthéacs nua teicneolaíochta agus margaidh atá ann, is den ríthábhacht é cothrom iomaíochta a bhaint amach idir gach gníomhaí san éiceachóras digiteach agus an chosaint chéanna a áirithiú do thomhaltóirí, gan beann ar an soláthróir.

1.3. Tá an iliomad dúshlán os comhair an Aontais, cuir i gcás:

— dúshláin teicneolaíochta;

— dúshláin infheistíochta, á chur san áireamh go bhfuil gá le hinfheistíocht shubstaintiúil chomhordaithe os cionn EUR 200 billiún ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach;

— margadh aonair níos comhtháite a bhaint amach i réimse na teileachumarsáide;

— an gá atá leis an gcur chuige ilroinnte maidir le bainistiú speictrim raidió a shárú;

— creat rialála a bhunú lena ráthaítear coinníollacha comhionanna d'oibreoirí digiteacha;

— spleáchas iomarcach ar sholáthróirí móra ó thríú tíortha a shárú;

— an gá atá le nuálaíocht agus cumais thionsclaíocha a mhéadú ar fud shlabhra luacha na teileachumarsáide;

— dúshláin ó thaobh inbhuanaitheachta de;

— slándáil agus athléimneacht líonraí cumarsáide, lena n-áirítear cáblaí faoin bhfarraige.

1.4. Bíonn ilroinnt ann mar thoradh ar na húdaráis éagsúla cur chun feidhme mar aon leis na difríochtaí a thagann chun cinn agus treoracha á dtrasuí sna Ballstáit éagsúla. Dá bhrí sin, molann CESE an méid seo a leanas:

— go dtabharfaí tús áite do rialáil a dhéanamh i bhfoirm rialachán, i gcás inar féidir;

— go gcuirfí i bhfeidhm prionsabal an údaráis aonair, prionsabal dá bhforáiltear i gcaighdeáin Eorpacha;

— go gcuirfí dlús leis an bpróiseas deimhniúcháin, a d'fhéadfadh 12 mhí nó fiú 24 mhí a bheith i gceist leis faoi láthair;

— go gcuirfí prionsabal na tíre tionscnaimh i bhfeidhm in ionad an chórais náisiúnta údaraithe ghinearálta;

— go bhfoilseofaí treoirlínte iomchuí maidir leis an gcáilíocht agus na rialacháin is infheidhme faoin gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach;

— go leagfaí síos sprioc-am réalaíoch le haghaidh dícheangal copair;

— go gcuirfí dlús le himscaradh an líonra den chéad ghlúin eile;

— go ndéanfaí comhchuibhiú ar na rialacháin is infheidhme maidir le hacmhainní uimhrithe.

1.5. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE go bhfuil sé ríthábhachtach go dtiocfadh oibreoirí láidre chun cinn sa gheilleagar margaidh lena gcuirfear an fhostaíocht agus an t-idirphlé sóisialta chun cinn i gcomhréir le luachanna Eorpacha.

1.6. An bealach chun cinn. Seo a leanas na tograí ó CESE:

— nascacht: comhchuibhiú speictrim san Eoraip a mhéadú;

— borradh a chur faoin infheistíocht caipitil riosca;

— infheistiú i mbonneagar a thacóidh le húsáid níos forleithne na hintleachta saorga;

— bonneagar criticiúil na hEorpa a dhaingniú: cibearshlándáil d'eintitis rialáilte.

## 2. **Réamhrá**

2.1. Bíonn tionchar forleathan ag teicneolaíochtaí digiteacha ar iomaíochas gheilleagar an Aontais, rud a chuireann borradh faoin éifeachtúlacht agus faoin nuálaíocht.

2.2. Baineann tairbhí éagsúla leis an idirnascacht do dhaoine, mar shampla:

— ionaid oibre níos sábháilte agus níos fuinneamhéifeachtúla;

— iompar poiblí níos saoire agus níos glaine;

— an deis chun córais níos éifeachtúla sláinte, bhaincéireachta, slándála sóisialta agus cánach a roghnú, mar aon leis an deis chun úsáid níos forleithne a bhaint as an intleacht shaorga.

2.3. Ionas gur féidir leis an Aontas fanacht ina cheannaire i réimse na tionsclaíochta, ní mór dó príomhról a bhaint amach i 'bpríomhthionscail ingearacha' na teicneolaíochta digití (idir intleacht shaorga, ríomhaireacht chandamach, mhicrileictreonaic agus réaltacht fhíorúil), agus bonneagair dhigiteacha a chur in úsáid, ón gcibearshlándáil agus 5G go dtí an néalríomhaireacht agus sonraí.

2.4. Le linn an téarma reachtaigh a bhfuil deireadh ag teacht leis faoi láthair, cuireadh rialacháin nua i bhfeidhm amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um Margaí Digiteacha, an Gníomh um an Intleacht Shaorga, an Gníomh um Shonraí agus an Gníomh um Rialachas Sonraí. Chomh maith le rialáil a dhéanamh, rinne an tAontas a bheartas tionsclaíoch a nuashonrú in 2021 féachaint leis na colúin dhigiteacha agus ghlasa a eagrú trí roinnt tionscnamh agus, go háirithe, trí na tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna). Ní raibh an tionchar a rabhthas ag súil leis ag na tionscadail sin go fóill.

2.5. Seo roinnt spriocanna de chuid Chlár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach:

— nascacht: nascacht ghigighiotáin do chách;

— leathsheoltóirí ceannródaíocha: sciar an Aontais den táirgeadh domhanda a dhúbailt;

— sonraíocht – an imeall-ríomhaireacht agus an néalríomhaireacht: 10 000 imeallnód atá aeráidneodrach, ar ardchaighdeán agus slán;

— teicneolaíocht faisnéise: an chéad ríomhaire le luasghéarú candamach.

## 3. **Dúshláin don Aontas Eorpach**

3.1. Tá an Coimisiún Eorpach agus gníomhaithe an gheilleagair dhigitigh ar aon tuairim faoi na dúshláin atá le sárú ag an Aontas, amhail:

3.1.1. dúshláin teicneolaíochta: tá samhlacha nua gnó agus feidhmeanna nua líonra ag teacht chun cinn mar thoradh ar fhorbairtí tapa i dteicneolaíochtaí cumarsáide agus ríomhaireachta. Chun coinneáil suas leo sin, is gá cur i gcónaí, agus go sciobtha, leis an bpróiseáil, an stóráil agus an tarchur sonraí, agus le hacmhainneacht na teicneolaíochta chomh maith;

3.1.2. riachtanais infheistíochta: tá gá ag an Eoraip le hinfheistíocht shubstaintiúil chomhordaithe de bhreis agus EUR 200 billiún ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí chun líonraí digiteacha ardacmhainneachta a chur i bhfeidhm, rud a chuideoidh linn na spriocanna a leagtar síos i gClár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach a bhaint amach. Thairis sin, theastódh acmhainneachtaí infheistíochta suntasacha breise chun príomhoibreoirí teileachumarsáide a iompú go rathúil ina soláthraithe líonraí agus néalseirbhísí. Teastaíonn straitéis infheistíochta stuama ina gcuirtear san áireamh suíomh agus dlús an daonra. Ba cheart dúinn aghaidh a thabhairt freisin ar an ngá atá leis an mbonneagar a chothabháil agus a uasghrádú. Is ionann agus 25 bliana fad shaolré na gcáblaí faoin bhfarraige. Ina ainneoin sin, níl aon straitéis i bhfeidhm leis an saolré sin a bhainistiú go réamhghníomhach;

3.1.3. bhí ról lárnach ag creat rialála an Aontais le 25 bliana anuas maidir le léirscaoileadh agus infheistíocht a chur chun cinn. Ina fhianaise sin, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit cur leis an gcumas atá iontu tacú le comhar cothrománach agus le taighde ar éabhlóid na teicneolaíochta, chomh maith le dlús a chur leis na nósanna imeachta. Ba cheart dóibh an méid sin a dhéanamh trí bhíthin rialáil níos solúbtha agus nósanna imeachta níos cuíchóirithe araon;

3.1.4. i gcomparáid le gníomhaithe eile, tá seirbhísí móibíleacha agus seirbhísí snáithíní ar fáil go fada fairsing ar fud an Aontais, agus iad saor agus nuálach. Ní mór an creat rialála atá ann cheana, atá bunaithe ar chur chuige céimnithe i leith na hinfheistíochta agus ar an gclásal éagtha rialála, a choinneáil ar bun, agus a fhorlíonadh i gcás inar gá chun seirbhísí agus gníomhaithe nua a chur san áireamh. Agus forbairt seirbhísí meaisín-le-meaisín (M2M) á cur san áireamh, ní mór difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i bpleananna uimhrithe náisiúnta agus i gcórais údaraithe a shárú, b'fhéidir trí chórais uile-Eorpacha *ad hoc* a chruthú do na seirbhísí sin, ar seirbhísí trasnáisiúnta ó nádúr iad. Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfar an creat beartais agus an creat rialála, mar a chuir an Coimisiún chun cinn sa pháipéar bán, a chur chun feidhme go pras trí bhíthin gníomhaíochtaí nithiúla atá dírithe ar thacú leis na hinfheistíochtaí is gá chun spriocanna Dheacáid Dhigiteach an Aontais a chur i gcrích agus chun cos a choinneáil le príomhgheilleagair eile ar fud an domhain. Ar an gcaoi sin, chinnteofaí nach dtitfidh tomhaltóirí na hEorpa ar gcúl a mhéid a bhaineann le hinfhaighteacht agus cáilíocht seirbhísí;

3.1.5. cur chuige ilroinnte maidir le bainistíocht speictrim raidió: níor éirigh go hiomlán leis na hiarrachtaí atá déanta go dtí seo comhordú níos fearr a bhaint amach san Aontas ó thaobh bainistíocht speictrim de, agus, ag an am céanna, tugadh neamhréireachtaí agus moilleanna faoi deara maidir le huainiú sannadh speictrim agus maidir le himscaradh bonneagair líonra ar fud na mBallstát. Chuige sin, is díol sásaimh do CESE an togra ón gCoimisiún chun comhchuibhiú níos fearr a dhéanamh ar scaoileadh agus ceadúnú speictrim raidió le haghaidh seirbhísí móibíleacha;

3.1.6. éagothroime iomaíochta: faoi láthair, sa chomhthéacs nua teicneolaíochta agus margaidh atá ann, is den ríthábhacht é cothrom iomaíochta a bhaint amach idir gach gníomhaí san éiceachóras digiteach agus an chosaint chéanna a áirithiú do thomhaltóirí, gan beann ar an soláthróir. Ní léirítear sa chreat rialála atá ann faoi láthair san Aontas i dtaca le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí an cóineasú idir soláthraithe néalríomhaireachta agus soláthraithe teileachumarsáide, ná ní áirithítear ann cearta agus oibleagáidí coibhéiseacha do gach gníomhaí agus gach úsáideoir deiridh líonra dhigitigh, bíodh sé poiblí nó príobháideach. Léirítear sa pháipéar bán, mar is ceart, go bhfuil na teorainneacha 'traidisiúnta' idir róil na ngníomhaithe éagsúla san éiceachóras ag éirí níos doiléire agus go bhfuil réimse caidrimh éagsúil ag baint leo. Ós mar sin don scéal, níl údar a thuilleadh le neamhshiméadrachtaí a bheith ann sa chaoi a gcaitear, ón taobh rialála de, le soláthraithe 'traidisiúnta' cumarsáide leictreonaí ar thaobh amháin agus le soláthraithe néalseirbhísí/seirbhísí digiteacha ar an taobh eile. Is fíor don mhéid sin go mór mór agus comhthéacs ann ina bhfuil an-chomhchruinniú idir na margaí digiteacha agus seirbhísí digiteacha, agus gan cumhacht mhargaidh shuntasach bhuanseasmhach a bheith ach ag líon beag ardáin mhóra uathoibrithe chumarsáide (ardáin an-mhór ar líne / geatóirí) a chuireann ábhar/feidhmchláir 'riachtanacha' ar fáil don úsáideoir deiridh.

Is mór ag CESE go luann an Coimisiún sa pháipéar bán gur cheart an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha 'a bheith ina bhunchloch chobhsaí faoi aon rialachán a bheidh ann amach anseo'. Leis sin, dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil sé tiomanta creataí sásúla a fhorbairt ionas go nglacfaidh gach gníomhaí a thairbhíonn den chlaochlú digiteach leis na freagrachtaí sóisialta atá orthu agus rannchuidiú cothrom comhréireach a dhéanamh le costais earraí poiblí, seirbhísí poiblí agus bonneagair phoiblí, ar mhaithe le gach duine atá ina gcónaí san Aontas;

3.1.7. is minic a bhíonn lárionaid néalríomhaireachta na ngníomhaithe móra nasctha le líonraí arbh fhéidir nach bhfuil siad aicmithe mar líonraí poiblí ná mar líonraí príobháideacha faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair agus d'fhéadfadh sé sin éiginnteacht rialála a chruthú dóibh;

3.1.8. an gá le tuilleadh acmhainneachtaí nuálaíochta agus tionsclaíocha ar fud an tslabhra luacha teileachumarsáide: ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil bonneagar líonra an Aontais slán ón taobh eacnamaíoch de, d'fhéadfadh an tAontas timpeallacht chomhoibríoch ildisciplíneach a éascú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do ghníomhaithe an Aontais, rud a spreagfadh comhar ní ba dhlúithe idir straitéisí infheistíochta príobháidí agus poiblí;

3.1.9. inbhuanaitheacht: is í an earnáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide atá freagrach as thart ar 7-9 % den tomhaltas leictreachais domhanda agus thart ar 3 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain. Tá méadú ag teacht ar an dramhthrealaimh leictreach agus leictreonach dá barr chomh maith. Nuair a úsáidtear an teicneolaíocht dhigiteach i gceart, is mó buntáistí ná astaíochtaí a chruthaíonn sí agus is féidir fiú go rachadh na hastaíochtaí ar fud an domhain i laghad dá barr. Chun é sin a bhaint amach, áfach, theastódh tuilleadh infheistíochtaí ó oibreoirí;

3.1.10. slándáil: i dtimpeallacht gheopholaitiúil ina bhfuil teannas agus coinbhleachtaí ag dul i méid, ba cheart cibearshlándáil, slándáil agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a bheith bunaithe ar sholáthróirí iontaofa, ar fhorbairt caighdeán slándála le haghaidh nascacht ó cheann go ceann, agus ar leibhéal níos airde athléimneachta agus comhtháthaithe ar gach leibhéal: líonraí trastíre, líonraí neamh-thrastíre, líonraí rochtana agus líonraí cnámh droma, lena n-áirítear bonneagair cáblaí faoin bhfarraige.

## 4. **An gá atá le Margadh Aonair Digiteach**

4.1. Ní chreideann CESE go bhfuil gá le hathruithe tobanna ar chreat rialála Telco. Tá an tsamhail atá ann faoi láthair fós oiriúnach chun margaí a oscailt agus chun comhchruinniú an mhargaidh a sheachaint. Is gnách go ndéanann comhchruinnithe margaidh dochar do chustaiméirí ó thaobh praghsála agus nuálaíochta de.

4.2. Sa bhreis ar iomaíocht a chur chun cinn in earnáil an ultra-leathanbhanda, ba cheart díriú sa chreat rialála ar aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna nua amhail láimhseáil rialála sheirbhísí M2M nó sheirbhísí Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT) atá trasnáisiúnta.

4.3. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé gur ghá rochtain ar thruncaí/idirnascadh le truncaí lena nasctar lárionaid sonraí le chéile a áirithiú d'fhonn laghdú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le lárionaid nua sonraí néil a bhunú, rud a d'fhéadfadh a bheith ar an gcéad 'scrogall' eile. Maidir le haon rialáil a d'fhéadfaí a dhéanamh le haghaidh líonraí den sórt sin, ba cheart an nós imeachta 'traidisiúnta' trí chéim a leanúint, ar nós imeachta é sin lena gceadaítear d'údaráis rialála náisiúnta, faoi fhaireachas an Choimisiúin Eorpaigh, ceanglais a leagan síos i margaí nua.

5. **Ionas gur féidir leis an Aontas dul san iomaíocht sna margaí domhanda ó thaobh ceannaireacht dhigiteach agus theicneolaíoch de, tá poist ardcháilíochta de dhíth air**

5.1. Ó 2015 i leith, tá athrú suntasach tagtha ar chineál na bpost san earnáil teileachumarsáide. Ba cheart an t-aistriú sin ar chineál na bpost a dhéanamh i gcomhar le geallsealbhóirí áitiúla agus deiseanna athoiliúna agus foireann leordhóthanach a chinntiú chun todhchaí ní b'fhearr a réiteach d'earnáil an bhonneagair líonra dhigitigh.

5.2. D'fhéadfaí an prionsabal 'an tseirbhís chéanna, an riail chéanna' a úsáid chun creat nua a bhunú do gach gníomhaí digiteach. Mar chuid de sin, dhéanfaí na rialacha a chuíchóiriú, raon feidhme an chreata atá ann faoi láthair a leathnú agus na rialacha céanna a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhchosúla agus, ar an gcaoi sin, rialacha agus cearta agus oibleagáidí coibhéiseacha a áirithiú do gach gníomhaí agus gach úsáideoir deiridh líonraí digiteacha.

5.3. Molann CESE foráil a dhéanamh sa rialachán do chonradh léasa le haghaidh oibreoirí a infheistíonn i líonraí lena gcuirfí iallach orthu a líonraí a chomhroinnt le hoibreoirí eile. Tá sé tábhachtach dáileadh cothrom na gcostas i measc na n-oibreoirí a áirithiú.

5.4. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE go bhfuil sé ríthábhachtach go dtiocfadh oibreoirí láidre chun cinn sa gheilleagar margaidh lena gcuirfear an fhostaíocht agus an t-idirphlé sóisialta chun cinn i gcomhréir le luachanna Eorpacha.

6. **Rialacha a chomhchuibhiú, rialachas a athchóiriú, tuairisciú a shimpliú**

6.1. Bíonn ilroinnt ann mar thoradh ar na húdaráis éagsúla forfheidhmithe chomh maith leis na difríochtaí a bhíonn i gceist maidir le trasuí treoracha sna Ballstáit éagsúla. Bíonn difríochtaí ann fiú idir na critéir sna Ballstáit sin ina bhfuil na cumhachtaí roinnte idir údaráis réigiúnacha éagsúla. Cruthaíonn sé sin córas rialála ilchasta inar gá saineolaithe dlí a earcú agus ina mbíonn moill ar an gcinnteoireacht.

6.2. Dá bhrí sin, tá gá leis an méid seo a leanas:

6.2.1. tús áite a thabhairt do rialáil a dhéanamh i bhfoirm rialachán a mhéid is féidir;

6.2.2. prionsabal an údaráis aonair, prionsabal dá bhforáiltear i rialacha Eorpacha, a chur i bhfeidhm;

6.2.3. dlús a chur leis an bpróiseas deimhniúcháin, a d'fhéadfadh 12 mhí nó fiú 24 mhí a bheith i gceist leis faoi láthair; rialacha agus costais maidir le leithdháileadh speictrim a chomhchuibhiú, i gcás inar féidir. Tá minicíochtaí sannta ag roinnt Ballstát ar chostais an-ard d'oibreoirí, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar infheistíochtaí sna líonraí nua;

6.2.4. prionsabal na tíre tionscnaimh a chur i bhfeidhm in ionad an chórais náisiúnta údaraithe ghinearálta a mhéid a bhaineann le seirbhísí áirithe ar gnách gur seirbhísí fíorúla nó trasnáisiúnta ó nádúr iad (e.g. seirbhísí M2M agus seirbhísí IoT);

6.2.5. treoirlínte a eisiúint maidir leis an gcáilíocht agus maidir leis na rialacháin is infheidhme faoin gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach maidir le seirbhísí/líonraí príobháideacha ríomhthráchtála agus maidir le seirbhísí ríomhthráchtála atá neamhspleách ar uimhir ach a dteastaíonn uimhir chucu mar sin féin chun an t-úsáideoir deiridh a shainaithint;

6.2.6. sprioc-am réalaíoch a leagan síos le haghaidh múchadh copair, agus é á chur san áireamh freisin go bhfuil cásanna éagsúla sna Ballstáit ó thaobh tíreolaíochta agus daonra de, agus freisin ó thaobh fhad na lúibe logánta de. Ina fhianaise sin, d'fhéadfadh sé gur chiallmhaire úsáid teicneolaíochtaí hibrideacha (cábla snáthoptaice go colbha, treorialú, *etc.*) a cheadú i limistéir áirithe ar feadh tréimhse níos faide;

6.2.7. chun dlús a chur le leathadh amach an líonra den chéad ghlúin eile, sraith oibleagáidí cothrománacha (siméadracha) a fhorchur ar na geallsealbhóirí uile ar leosan bonneagar sibhialta is féidir a úsáid chun cáblaí agus aeróga a chur i bhfearas;

6.2.8. na rialacháin is infheidhme maidir le hacmhainní uimhrithe a chomhchuibhiú. Tá méadú ag teacht ar úsáid na n-acmhainní sin ag úsáideoirí gnó thar theorainneacha mar thoradh ar dhigiteáil agus ar fhíorúlú seirbhísí agus líonraí.

7. **An bealach chun cinn**

7.1. Nascacht – comhchuibhiú speictrim a neartú san Eoraip:

— ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún feabhas a chur ar chomhordú cinntí ceangailteacha ar an leibhéal Eorpach chun borradh a chur faoi thionchar infheistíochtaí phríobháideacha;

— gníomh uaillmhianach um Bonneagar Gigighiotáin a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar fud an Aontais lena n-éascaítear rochtain ar bhonneagar poiblí agus lena mbunaítear pointe teagmhála aonair i ngach Ballstát;

— treoirlínte soiléire a eisiúint maidir le comhlíonadh le haghaidh seirbhísí speisialaithe faoin Rialachán maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon.

7.2. Infheistíocht caipitil riosca a scaoileadh:

7.2.1. dlús a chur le cruthú meán infheistíochta ag céim dhéanach; aistriú chuig sraith aonair rialacha AE le haghaidh na margaí náisiúnta caipitil uile, agus sin a dhéanamh trí neartú ar an gcomhar idir na húdaráis áitiúla agus údaráis an Aontais.

7.3. An taighde ar eangacha cliste a mhéadú agus aga folaigh a laghdú:

7.3.1. bíonn feistí leighis agus an chiandiagnóisic an-leochaileach i leith aga folaigh i líonraí digiteacha. In éagmais an bhonneagair le haghaidh líonraí digiteacha tapa agus iontaofa, is beag seans go mbeifear in ann feabhas a chur ar an diagnóisic cúraim sláinte i limistéir iargúlta agus leas a bhaint as roghanna atá cuidithe ag an intleacht shaorga sa réimse seo;

7.3.2. is áis iad eangacha cliste lenar féidir astaíochtaí a laghdú, áiteanna oibre agus tithe atá níos fuinneamhéifeachtúla a chruthú agus bealach dinimiciúil a chur ar fáil chun córas iompair phoiblí a áirithiú atá níos éifeachtúla ó thaobh ualaigh de;

7.3.3. cloígh le prionsabal na haonuaire maidir le tuairisciú, arna fhormhuiniú ag an gCoimisiún, agus tuairisc a thabhairt d'údarás ainmnithe aonair.

7.4. An geilleagar sonraí:

— soiléiriú a thabhairt go gcuirtear gnólachtaí faoi réir príomhúdarás inniúil aonair faoin nGníomh um Shonraí;

— a aithint gur creat atá sa Ghníomh um Shonraí thar ní ar bith eile chun rialú a dhéanamh ar an gcomhroinnt sonraí idir gnólachtaí agus rialtais le haghaidh staidreamh oifigiúil san Aontas;

— i gcás cúram sláinte, creat comhchuibhithe a áirithiú le haghaidh sonraí sláinte, cosaint sonraí agus príobháideachais, lena n-áirítear ailíniú agus comhsheasmhacht idir an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an Spás Eorpach Sonraí Sláinte a bheidh ann amach anseo.

7.5. Bonneagar criticiúil na hEorpa a dhaingniú – cibearshlándáil d'eintitis rialáilte:

— treoir a eisiúint lena soiléirítear an t-idirghníomhú idir an Dara Treoir NIS agus an Gníomh um Chibear-Athléimneacht le haghaidh seirbhísí cianphróiseála sonraí;

— cloígh le prionsabal na haonuaire maidir le tuairisciú, arna fhormhuiniú ag an gCoimisiún, agus tuairisc a thabhairt d'údarás ainmnithe aonair;

— eintitis chibearshlándála a chomhdhlúthú chun éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú agus chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do bhonneagar criticiúil, amhail eangacha fuinnimh, ar mhaithe le hathléimneacht;

— amchlár soiléir a chomhaontú maidir le scéimeanna deimhniúcháin de chuid an Aontais a fhorbairt agus a fhormheas, chomh maith lena áirithiú go mbeidh na scéimeanna sin bunaithe go heisiach ar choimircí teicniúla cibearshlándála.

7.6. Prótacail bogearraí cumarsáide a chomhchuibhiú.

7.7. Roinnt bunriachtanas a leagan síos le haghaidh gach bogearra cumarsáide, e.g. ba cheart gach aistriú sonraí a dhéantar a bheith criptithe.

7.8. Seirbhísí digiteacha a sholáthar don phobal:

7.8.1. rialachán a dhéanamh den Treoir maidir le Soláthar Poiblí agus critéir chomhchuibhithe dámhachtana conartha a chur chun cinn, ag caitheamh leis an gcibearshlándáil agus leis an inbhuanaitheacht sa chaoi chéanna agus a gcaitear leis an gcostas; sa ghearrthéarma, treoirlínte a eisiúint faoin treoir maidir le bogearraí a cheannach.

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2024.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Oliver RÖPKE